# Ceisteanna Cosanta Sonraí Maidir le Forbraíochtaí IlAonaid agus Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Réamhrá

Tá méadú ag teacht ar an sciar de dhaonra na hÉireann atá ag cur fúthu in árasáin agus i dtithe atá lonnaithe i bhforbraíochtaí ilaonaid (MUDanna) agus in eastáit ina bhfuil spásanna agus seirbhísí comhroinnte.  Sa chuid is mó de chásanna, tá na comhlimistéir agus saoráidí comhroinnte faoi úinéireacht agus á rialú ag cuideachta bainistíochta úinéirí (OMC) arb iondúil í bheith ina struchtúr dlí neamhbhrabúis a bhunaítear chun forbraíochtaí ilaonaid a bhainistiú faoin Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 (an tAcht MUDanna).  Ní mór don OMC feidhmiú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (Acht na gCuideachtaí).

Suitear OMC ag lárphointe na gcaidreamh idir áitritheoirí (úinéirí lonnaitheacha agus tionóntaí), tiarnaí talún, agus gníomhairí bainistithe réadmhaoine. Téann OMCanna i dteagmháil le páirtithe leasmhara eastáit lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta sóisialta agus poiblí, comhairleoirí gairmiúla, agus soláthraithe seirbhíse.

Déanann OMCanna sonraí a phróiseáil agus a tharchur i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna maidir le, mar shampla, teideal réadmhaoine, bainistíocht airgeadais, oibleagáidí dlí éagsúla a chomhlíonadh.

## Caidrimh

Sa treoir seo, leagtar amach comhairle ghinearálta maidir le saincheisteanna coitianta maidir le cosaint sonraí a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn idirghníomhaíochta idir:

1. OMCanna agus a gcomhaltaí
2. OMCanna, comhaltaí an OMC, agus gníomhaire bainistithe réadmhaoine
3. OMCanna agus tríú páirtithe

## 1. OMCanna agus a gComhaltaí

### Clár na gComhaltaí – Acht na gCuideachtaí

Éilítear ar gach cuideachta clár dá cuid comhaltaí a choinneáil[1]. I gcomhthéacs OMC, is éard atá i gclár na gcomhaltaí ná liosta d'ainmneacha agus seoltaí na gcomhaltaí/úinéirí san MUD.

Tá ceangal ar an gcuideachta an clár a chur ar fáil lena iniúchadh agus, nuair a iarrtar uirthi, ní mór di cóipeanna den chlár, nó cóipeanna de na codanna a iarradh, a chur ar fáil.

Ní mór na sonraí seo a leanas a chur isteach sa chlár:

- ainmneacha na gcomhaltaí
- seoltaí na gcomhaltaí
- ráiteas maidir leis na scaireanna atá ag gach aon chomhalta, ina n-aithnítear gach aon scair de réir uimhreach fad is atá uimhir ag dul leis an scair, agus maidir leis an méid a íocadh nó a comhaontaíodh a mheas a bheith íoctha ar na scaireanna atá ag gach aon chomhalta;
- an dáta ar ar cuireadh gach aon duine isteach ar an gclár mar chomhalta; agus
- an dáta ar a n-éiríonn aon duine as mar chomhalta.

Chomh maith leis sin, forordaítear in alt 169 d'Acht na gCuideachtaí an dóigh agus an uair nach mór an clár a nuashonrú i ndáil le comhaltaí nua agus comhaltaí atá ag imeacht.

## Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CLGanna)

Tá an chuid is mó de OMCanna corpraithe ina gcuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CLG) gan scairchaipiteal, a chiallaíonn go bhfuil comhaltaí ag CLGanna seachas scairshealbhóirí. Faoi Alt 1201 d' Acht na gCuideachtaí , ní mór ainmneacha agus seoltaí chomhaltaí na CLG a chur isteach sa chlár. Mar sin féin, mionathraítear alt 169 d'Acht na gCuideachtaí trí alt 1201, toisc go mbaineann sé le CLGanna a léiriú go bhfuil ráiteas ar scaireanna a choinnítear, agus an méid a íoctar, ina théarmaí nach mbaineann le CLGanna, agus dá bhrí sin, fágtar riachtanais dá leithéid amach i ndáil le cláir chomhaltaí CLGanna. Mar sin féin, má tá OMC corpraithe ar bhealach seachas ar bhealach mar CLG, e.g. mar chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe (DAC), léireofar sonraí maidir le scairshealbhú ar an gclár.

## An Clár Comhaltaí– Doiciméad Poiblí

Foráiltear in ailt 215 go 217 d'Acht na gCuideachtaí go bhfuil clár comhaltaí ina dhoiciméad poiblí. Ciallaíonn sé sin nach mór don chuideachta é a chur ar fáil d'aon chomhalta de chuid na cuideachta féin nó d'aon duine eile lena iniúchadh.

[1] Alt 169(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014

Beidh an clár oscailte d'aon chomhalta den chuideachta lena iniúchadh gan táille. Féadann duine eile ar bith a clár a iniúchadh ach an táille ábhartha a íoc. Ní mór do chuideachta, ar iarratas a fháil, cóip, nó cóip de shliocht de chlár a chur ar fáil agus féadann an chuideachta táille bheag a ghearradh (gan níos mó ná €10 ina aghaidh an chláir faoi láthair) ar iarratasóir chun é sin a dhéanamh.

Tá 10 lá ag cuideachta ón dáta a fuarthas an t-iarratas agus i ndiaidh an táille a íoc di chun an t-ábhar a sheoladh chuig an iarratasóir.

Tá sé ina chion don chuideachta agus d'aon oifigeach de chuid na cuideachta ina éagmais sin gan cloí le 216 d'Acht na gCuideachtaí.[2]

### Miontuairiscí Cruinnithe

Tá comhaltaí OMC i dteideal ar chóipeanna de mhiontuairiscí chruinnithe ginearálta na cuideachta[3].

Mar sin féin, níl teidlíocht reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí ag comhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar mhiontuairiscí chruinnithe na stiúrthóirí.

Faoi réir eisceachtaí áirithe, níl ceart rochtana ag daoine nach bhfuil ina gcomhaltaí den chuideachta ar mhiontuairiscí chruinnithe na gcomhaltaí ná ar mhiontuairiscí chruinnithe na stiúrthóirí.

### Úsáid an Chláir ag Comhaltaí

Mar atá luaite thuas, tá an Clár Comhaltaí ina dhoiciméad poiblí agus tá teacht ag comhalta ar bith air saor in aisce. Ní mór an phróiseáil an dhéanann comhaltaí OMC ar shonraí pearsanta atá sa Chlár Comhaltaí, i ndáil le gnóthaí an OMC, a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosaint sonraí.

Éilítear faoi phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra gur chun críocha sainithe, soiléire agus dlisteanacha a bhaileofar sonraí pearsanta. Áireofaí le samplaí de chríocha dlisteanacha dá leithéid scríobh chuig comhchomhaltaí na cuideachta i ndáil le vótáil ag cruinnithe ginearálta na cuideachta, stiúrthóirí a thoghadh, muirir bhliantúla a cheadú, nó rialacha an tí a leagan síos. Ní bheadh sé oiriúnach ná dlisteanach go n-úsáidfeadh comhaltaí OMC sonraí pearsanta comhaltaí eile chun críocha nach mbaineann le gnóthaí an OMC, ar nós a leasanna gnó féin a fhógairt.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil ceart rochtana ag comhaltaí an OMC ach amháin ar shonraí pearsanta na gcomhaltaí de réir mar a choinnítear iad sa chlár a ullmhaíodh chun chríocha Acht na gCuideachtaí, i.e. ainmneacha, seoltaí, agus na dátaí a

[2] Alt 217(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014
[3] Ailt 215 go 217 d'Acht na gCuideachtaí.

cuireadh iad isteach sa chlár. Ní bhaineann an ceart rochtana le sonraí pearsanta eile a d'fhéadfadh sé bheith ar an OMC a choinneáil, ar nós uimhreacha teileafóin nó seoltaí ríomhphoist (seachas sa chás gur cuireadh an seoladh ríomhphoist ar fáil chun críocha fógraí, faisnéis nó doiciméid eile a bhaineann le rialú na cuideachta a sheoladh nó a fháil) nó sonraí pearsanta tionóntaí, de réir mar a chuir comhaltaí/úinéirí aonaid ar fáil i gcomhréir lena gcuid oibleagáidí faoi alt 8(3) den Acht MUDanna (féach thíos).

## OMCanna & Bainistíocht Airgeadais

De réir mar atá luaite, tá an chuid is mó de OMCanna ina gcomhlachtaí corparáideacha, agus is minic a bhíonn siad corpraithe mar CLGanna. Is ionann doiciméad rialaithe cuideachta agus bunreacht na cuideachta. I measc na n-ábhar a leagtar amach i mbunreacht cuideachta, áirítear cuspóirí agus cumhachtaí na cuideachta.

Cumhacht amháin dá leithéid a d'fhéadfaí a chur ar fáil do chuideachta is ea an chumhacht chun sonraí pearsanta a phróiseáil maidir le híoc nó neamhíoc muirir sheirbhíse bliantúla chomhaltaí an OMC, lena n-áirítear an chumhacht chun sonraí dá leithéid a nochtadh le roinnt de chomhaltaí na cuideachta nó le comhaltaí ar fad na cuideachta, de réir mar is gá. Mar sin féin, ní mór aon nochtadh dá leithéid a bheith údaraithe mar riachtanach agus comhréireach chun críoch shonrach, shoiléir agus dhlisteanach a bhaint amach, i gcomhréir leis an dlí maidir le cosaint sonraí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí cumhacht a áireamh leis maidir le faisnéis a nochtadh le comhaltaí eile i ndáil le sáruithe atá déanta ag comhalta/úinéir aonaid agus/nó aon tionónta ar chúnantaí léasa, rialacha tí, rialacháin, srianta, fodhlíthe, nó aon fhorálacha eile a bhaineann leis an eastát. Ba chóir go mbeadh an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta comhaltaí OMC i gcomhréir leis an mbunreacht bheith trédhearcach, agus ba chóir go dtabharfaí faisnéis dhóthanach do chomhaltaí maidir le haon phróiseáil a d'fhéadfadh tarlú.

Agus a feidhmeanna á gcomhlíonadh aici i gcomhréir lena bunreacht agus oibleagáidí dlí, ba chóir do OMC cloí leis an bprionsabal maidir le sonraí a íoslaghdú. Éilítear faoi seo go mbeadh na sonraí pearsanta dóthanach, ábhartha agus teoranta don méid atá riachtanach i ndáil leis na críocha dá bhfuil siad á bpróiseáil, agus gur chóir go seachnófaí sonraí pearsanta a phróiseáil nuair nach bhfuil fíorghá leis.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé bheith ar OMC faisnéis airgeadais áirithe a chur ar fáil dá comhaltaí maidir le muirir seirbhíse bliantúla a bhainistiú. Go hiondúil, ba chóir é sin a bhaint amach gan sonraí pearsanta na gcomhaltaí a nochtadh, seachas sa chás go bhfuil sé riachtanach agus réasúnach. Ba chóir meas a bheith ar rúndacht i gcónaí i gcásanna

ina bhfuil teacht ar stiúrthóirí OMCanna ar fhaisnéis maidir le dea-chlú a gcomharsan i ndáil le muirir seirbhíse bliantúla a íoc.

Tá an phróiseáil a dhéantar ar an gcineál sonraí seo ó thaobh iad a nochtadh le comhairle dlí i ndáil le himeachtaí dlí, nó le gníomhaire bailithe fiach ina samplaí de phróiseáil dhlisteanach freisin. Ceadaítear freisin sonraí pearsanta a choinníonn OMC a nochtadh le An Garda Síochána chun críocha forfheidhmithe an dlí, i gcomhréir le halt 41 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

**CCTV i gComhlimistéir**

D'fhéadfadh sé gur mhian le OMCanna córais CCTV a shuiteáil chun faireachas slándála ar chomhlimistéir, ar nós carrchlóis agus botháin stórála rothar, a chur i gcrích. Tá treoir chuimsitheach foilsithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) maidir leis na himpleachtaí i ndáil le cosaint sonraí a bhaineann le CCTV a úsáid. Ba chóir d'aon OMC atá i mbun beart dá leithéid a bhreithniú an treoir seo a cheadú, atá ar fáil ag:

https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-10/CCTV%20Guidance%20Data%20Controllers_October19_For%20Publication_0.pdf

I gcás inar cuireadh córas CCTV i bhfeidhm, ba chóir do OMCanna go háirithe bheith eolach ar an oibleagáid atá orthu an teacht atá ar an bpíosa scannánaíochta a rialú agus go seachnófaí sonraí pearsanta a nochtadh ar bhealach ina gcuirtear isteach go díréireach ar chearta agus ionchais dhlisteanacha dhaoine aonair ar phríobháideachas.

## 2. OMCanna, Comhaltaí OMC, agus Gníomhaire Bainistithe Réadmhaoine

**Ról an Ghníomhaire – Searbhónta de chuid OMC**

In go leor cásanna, fostaíonn OMC gníomhaire bainistithe réadmhaoine. Faoi threoir stiúrthóirí an OMC, eagraíonn an gníomhaire seirbhísí ar nós árachas, deisiú agus cothabháil, agus bailiú dramhaíola don MUD. Tá an caidreamh, lena n-áirítear treoracha agus leibhéal na seirbhíse, idir OMC agus gníomhaire bainistithe réadmhaoine (ar a dtugtar soláthraí seirbhísí réadmhaoine freisin) rialaithe trí litir fostaíochta nó conradh. Tá an conradh seo faoi réir na reachtaíochta ábhartha, ar nós an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, agus feidhmeanna an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine (an PRSA) (féach thíos).

**Gníomhaire Bainistithe Réadmhaoine mar Phróiseálaí Sonraí**

I gcás ina bpróiseálann gníomhaire bainistithe réadmhaoine sonraí pearsanta le linn a chuid dualgais a chur i gcrích, beidh sé riachtanach an cháil ina ndéantar amhlaidh a chinneadh.

Is dócha gur sa chuid is mó de chásanna ina bpróiseálann an gníomhaire bainistithe réadmhaoine sonraí pearsanta comhaltaí OMC nó áitritheoirí na forbraíochta, go ndéanfar amhlaidh mar phróiseálaí sonraí atá ag gníomhú thar ceann an OMC, atá ina rialaitheoir sonraí. Sa chás seo, ba chóir go rialófaí an phróiseáil seo a dhéantar ar shonraí pearsanta trí chomhaontú próiseála sonraí cuí, i gcomhréir le hAirteagal 28 GDPR. D'fhoilsigh an DPC treoir maidir le conarthaí idir Rialaitheoirí agus Próiseálaithe anseo:

https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-06/190624%20Practical%20Guide%20to%20Controller-Processor%20Contracts.pdf

D'fhéadfadh cásanna eile teacht chun cinn ina n-éilítear ar an ngníomhaire sonraí pearsanta comhaltaí OMC, áitritheoirí nó tríú páirtithe eile a phróiseáil chun críocha nach gcuirtear i gcrích go díreach thar ceann an OMC. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, i gcás ina dtéann gníomhaire i dteagmháil le háitritheoir i ndáil le ceist maidir le comhlimistéir. Sa chás seo, is é an gníomhaire an rialaitheoir sonraí, agus tá sé de fhreagracht air a chinntiú go ndéantar aon phróiseáil dá leithéid i gcomhréir leis na creataí Reachtacha maidir le Cosaint Sonraí.

D'ullmhaigh an PSRA teimpléad de Litir Teagmhála 'D' – Seirbhísí Bainistithe Réadmhaoine a sholáthar lena húsáid idir gníomhairí agus OMCanna. Tá an litir teimpléid curtha ar fáil i leagan amach ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh air. Ní mór nithe áirithe a chomhlánú sa chonradh. Tá na hábhair seo ainmnithe sa teimpléad.

Is áisiúil a lua go dtagraíonn Clásail 11.3 agus 25 de theimpléad an PSRA do chosaint sonraí:

"*11.3 * Consequences of Termination of Agreement*

*The Client shall be liable to pay all fees and expenses, due under this Agreement, within <NUMBER> days of receiving the final invoice from the Agent.*

*The Agent:*

*(a) shall not impede the introduction of a new agent, and*

*(b) subject to Data Protection regulations, shall, where requested, transfer all records held which are the property of the Client to the Client or a person nominated by the Client, including the transfer of electronic records promptly and without delay and in any event no later than <NUMBER> days after being requested to transfer the records.*"

"*25. Data Protection*

> *<NAME OF BUSINESS ENTITY> will process all your personal information in accordance with the relevant Data Protection Laws and Data Protection policy of the Client."*

### Sáruithe ar Shonraí Pearsanta

Éilítear faoi Airteagal 33 GDPR ar rialaitheoir sonraí fógra a thabhairt don DPC faoi shárú ar shonraí pearsanta tráth nach déanaí ná 72 uair i ndiaidh dó bheith ar an eolas faoi

Ag brath ar mheasúnú a dhéanamh ar an riosca, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach freisin faisnéis maidir leis an sárú a chur in iúl do na daoine a mbaineann sé leo.

Cé go bhfuil na fógraí seo ina bhfreagracht ar an OMC mar rialaitheoir sonraí, is féidir gníomhaire bainistithe réadmhaoine a údarú chun cuidiú leis na tascanna seo a chur i gcrích mar phróiseálaí sonraí faoi théarmaí an chomhaontaithe próiseála sonraí. In go leor cásanna, beidh an gníomhaire bainistithe réadmhaoine ar an eolas faoin sárú ar shonraí pearsanta roimh an OMC toisc go bhfuil siad i mbun próiseáil laethúil na sonraí pearsanta a láimhseáil. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le fógra a thabhairt maidir le sáruithe, féach ar an treoir a d'fhoilsigh an DPC.

https://www.dataprotection.ie/en/organisations/know-your-obligations/breach-notification

## 3. OMCanna agus Tríú Páirtithe

### Mionsonraí Úinéirí & Daoine Eile – an tAcht MUDanna

Luaitear in Alt 8(3) den Acht um Fhorbairtí Ilaonaid 2011-

> "*Beidh úinéir aonaid (cibé acu is úinéir aonaid cónaithe nó úinéir aonaid tráchtála é nó í) faoi oibleagáid na nithe seo a leanas a thabhairt don chuideachta bainistíochta úinéirí iomchuí—*
>
> *(a) sonraí i dtaobh a ainm nó a hainm,*
>
> *(b) sonraí i dtaobh a sheolaidh nó a seolaidh*
>
> *(c) sonraí i dtaobh ainmneacha na dtionóntaí san aonad,*
>
> *(d) sonraí i dtaobh aon ghnáth-áititheoirí de chuid an aonaid seachas tionóntaí, agus*
>
> *(e) cibé sonraí teagmhála eile a iarrfaidh an chuideachta bainistíochta úinéirí le réasún,*
>
> *agus tabharfaidh sé nó sí fógra don chuideachta bainistíochta úinéirí go pras maidir le haon athrú ar na sonraí sin.*"

Ciallaíonn sé seo, mar shampla, go gceanglaítear le dlí ar thiarna talún atá i seilbh teach in MUD mionsonraí na dtionóntaí a chur ar fáil don OMC. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba chóir don tiarna talún nó ionadaí an tiarna talún an fhírinne go gcuirfear an fhaisnéis seo ar fáil don OMC a chur in iúl don tionónta chomh luath agus is féidir ina rannpháirtíocht.

D'fhéadfadh sé a mheas a bheith réasúnach go n-iarrfadh OMC mionsonraí teagmhála ar nós uimhreacha teileafóin agus seoltaí ríomhphoist úinéirí, tionóntaí, nó gnáth-áitritheoirí, faoi alt 8(3)(e) den Acht MUDanna. Ar na cúiseanna a bhféadfadh OMC sonraí áitritheoirí a choinneáil, áirítear sábháilteacht agus folláine áititheoirí, agus freastal ar ábhair maidir leis an eastát a bhainistiú, mar shampla:

- An gníomhaire a eagrú le bheith i láthair i gcásanna éigeandála, e.g. sceitheadh nó tinte

- Rialacha tí an eastáit a chur i bhfeidhm i ndáil le cleachtais pháirceála nó achrann torainn. Sa chomhthéacs seo, luaitear in alt 23(1) den Acht MUDanna go mbeidh Rialacha Tí-

  "*...ina gceangal—*

  *(a) ar úinéirí aonaid,*

  *(b) ar thionóntaí úinéirí aonaid, agus*

  *(c) ar sheirbhísigh, ar ghníomhairí agus ar cheadúnaithe daoine dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b).*"

Trí shonraí tionóntaí a fháil, d'fhéadfadh OMCanna a dhearbhú nach bhfuil aonaid á n-úsáid chun críocha atá neamhcheadaithe faoin gceannléas.

- D'fhéadfadh an OMC a chinntiú go bhfuil oibleagáidí á gcomhlíonadh aige i ndáil le, mar shampla-

  - Ceannléas an eastáit idir an úinéir tí, an OMC, agus an forbróir
  - Coinníollacha de pholasaí árachais an bhloic
  - Iarratais ó údaráis forfheidhmithe dlí

Rud atá tábhachtach ná gur chóir go ndéanfaí na sonraí pearsanta a choinníonn agus a phróiseálann OMC d'fhonn cloí lena oibleagáidí faoin Acht MUDanna a idirdhealú ón gceangal atá ar OMC an Clár Comhaltaí a choinneáil i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí. Is dá thacar taifeadtaí ar leith agus difriúil iad seo, nach féidir iad a úsáid ach amháin ar an mbealach atá leagtha amach cheana féin.

Ar mhaithe le hiomláine, tugtar faoi deara go bhfuil an rialú a dhéantar ar chaidrimh áirithe idir tiarnaí talún agus tionóntaí ina ábhar don Bhord um Thionóntachtaí

Cónaithe. Tá faisnéis agus acmhainní i leith cúnamh ar fáil ar a láithreán gréasáin- www.rtb.ie.

## 4. Cearta Ábhar Sonraí

Mar rialaitheoirí sonraí, tá oibleagáid ar OMCanna éascaíocht a dhéanamh ar chearta ábhar sonraí a fheidhmiú faoin GDPR. Áirítear leis sin freagra a thabhairt ar Iarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí ina n-iarrtar go gcuirfí cóipeanna de shonraí pearsanta ar fáil ar bhealach tráthúil. Is féidir gníomhaire bainistithe réadmhaoine a ghníomhaíonn thar ceann OMC a údarú chun cuidiú le hiarrataí dá leithéid a láimhseáil de réir théarmaí an comhaontaithe próiseála sonraí.

https://www.dataprotection.ie/en/organisations/know-your-obligations/access-and-portability

### Cén áit is féidir liom ábhar treorach eile a fháil?

Is féidir le páirtithe leasmhara faisnéis a fháil maidir leis an dlí cuideachta a chomhlíonadh trí bhreathnú ar láithreáin ghréasáin Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Tá faisnéis maidir le gníomhairí bainistithe réadmhaoine a cheadúnú agus a rialú ar fáil ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

D'ullmhaigh An Ghníomhaireacht Tithíochta acmhainní d'úinéirí tí in eastáit bhainistithe.

Coinníonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe clár de thionóntachtaí cónaithe príobháideacha, tionóntachtaí comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus tionóntachtaí cónaithe do mhic léinn amháin. Cuireann sé seirbhís um réiteach díospóide ar fáil do thionóntaí agus tiarnaí talún, agus cuireann sé taighde i gcrích maidir leis an earnáil cíosa príobháidí.